CNCM: Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach

Aighneacht Gael Linn

30 Deireadh Fómhair 2019

**Gael Linn**

Is í príomhaidhm Gael Linn ná an Ghaeilge agus a hoidhreacht a chothú agus a chur chun cinn ar fud na hÉireann i réimsí polasaí agus pobail, mar theanga bheo agus mar spreagadh féiniúlachta. Cuimsíonn gníomhchlár Gael Linn trí phríomhréimse; an réimse oideachais, gníomhaíochtaí chun tacú le húsáid na Gaeilge agus réimse gnó na heagraíochta.

Tá Gael Linn ar cheann den sé cheanneagraíocht atá aitheanta ag Foras na Gaeilge san earnáil dheonach. Sa chomhthéacs sin, is iad na mór-réimsí oibre ná:

i) Oideachas in Earnáil an Bhéarla
ii) Oideachas d'Aosaigh, agus
iii) Deiseanna Úsáide do Dhaltaí Scoile.

De thairbhe Gael Linn a bheith ag plé polasaithe i leith na Gaeilge sa chóras Oideachais in Earnáil an Bhéarla mar cheanneagraíocht, beidh an aighneacht seo ag díriú go príomha ar cheist na Gaeilge. Tá taighde déanta againn ar an ábhar seo agus eolas úsáideach breise ar fáil sa tuairisc chuimsitheach atá ullmhaithe ag Gael Linn *An Ghaeilge sa chóras oideachais i bPoblacht na hÉireann* (2017) [1]

**Cúlra**

Tugadh siollabas nua Gaeilge don Ardteistiméireacht isteach in 2010 agus chuaigh daltaí faoi scrúdú dá réir den chéad uair in 2012. An t-athrú is suntasaí sa siollabas úr na méadú ar an sciar den mharc foriomlán atá ar fáil don bhéaltriail: 25% a bhíodh ann agus 40% atá anois ann. Mar thoradh ar an athrú seo ar dháileadh na marcanna, laghdaíodh an cúrsa litríochta go substaintiúil agus baineadh stair na litríochta agus na teanga den tsiollabas.

Ta feabhas tagtha ar ghráid Ardteiste na n-iarrthóirí ó tugadh an siollabas nua isteach, ach, ní hionann marcanna níos fearr a bheith ag iarrthóirí agus caighdeán na Gaeilge a bheith feabhsaithe. Ta méadú ag teacht ar líon na n-iarrthóirí ata ag dul don pháipéar ardleibhéil le tamall de bhlianta anuas. Rinne 16,665 níos mo daltaí an scrúdú ardleibhéil ná mar a rinne trí bliana roimhe sin é (ardú 20%), agus bhí ardú 3% ann idir 2015 agus 2016, cé nach raibh ach ardú 0.9% ann ar líon na n-iarrthóirí a chuaigh don Ardteistiméireacht trí cheile.

In 2017, d'éirigh le 26.5% de dhaltaí Ardteistiméireachta H4 (C1 agus C2) a bhaint amach ag an ngnáthleibhéal, i gcomórtas le 29.2% in 2016.

---

[1] https://www.gaellinn.ie/uploads/documents/Tuairisc_ar_an_Ghaeilge_sa_Ch%C3%B3ras_Oideachais_i_bPnah%C3%89_Samhain_2017.pdf

Tháinig méadú 10.1% ar líon na ndaltaí a rinne an scrúdú Gaeilge ag an ardleibhéal in 2017: 22,122 i gcomórtas le 20,097 dalta in 2016.

**Cúiseanna Imní**

Ciallaíonn díolúine ón Ghaeilge nach gá do dhaltaí atá ag freastal ar bhunscoil nó ar iar-bhunscoil staidéar a dhéanamh ar an Ghaeilge, cé gur ábhar éigeantach í i scoileanna atá aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Ní bhíonn ar dhaltaí a fhaigheann díolúine ón Ghaeilge freastal ar ranganna Gaeilge ná scrúduithe stáit a dhéanamh san ábhar. Is ábhar buartha dúinn go n-éireoidh an díolúine ón Ghaeilge níos forleithne leis an chóras úr a tháinig i bhfeidhm i Meán Fómhair 2019.[2]

Tháinig an Dr. M Ó Laoire ar fhianaise go bhfuil díolúine deonaithe do dhaltaí airithe nach mbaineann ceann ar bith de na cúinsí sin thuas leo [3]. Tháinig méadú 5% ar líon na ndaltaí a fuair díolúine on Ghaeilge don Ardteistiméireacht idir 2011 agus 2014 agus mhéadaigh ar an líon scoláirí a fuair díolúine agus a rinne staidéar ar theanga eile.

Ní scoileanna lán-Ghaeilge iad ach 8% de na scoileanna sa stát. Níl go leor áiteanna ann le freastal ar an éileamh. Caithfear níos mó áiteanna agus scoileanna lán-Ghaeilge a chur ar fáil le freastal ar an éileamh atá ag tuismitheoiri orthu.

I gcás na Gaeilge sna caipéisí a théann leis an chomhairliúchán seo, tá sé ráite go bhfuil 'éagsúlacht tuairimí' ann maidir leis an Ghaeilge a bheith ina hábhar riachtanach. Is dócha go bhfuil daoine ag smaoineamh ar a dtaithí féin ar scoil, taithí nach raibh i gcónaí dearfach. Tá na siollabais reatha go mór as data agus is cóir na sonraíochtaí sin a athnuachán.

**Tábhacht le foghlaim teangacha**

Mar atá luaite ag COGG, ag Gael Linn agus ag eagraíochtaí eile tá an-tábhacht ag baint le foghlaim teangacha. Cúis imní é freisin an bhéim atá ar fhás na heacnamaíochta agus rath geilleagrach mar phríomh aidhm an oideachais. Tá tábhacht le daoine óga a ullmhú do shaol na hoibre ach tá ról i bhfad níos iomlánaí ag an oideachas. Is cinnte go bhfuil tábhacht le heolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireachta agus mata (STEM) ach tá tábhacht freisin le teangacha, an Ghaeilge san áireamh, agus leis na healaíona. Tá STEAM (science, engineering, arts and technology) á moladh anois ag grúpaí éagsúla, seachas STEM, de bharr go bhfuil imní ann faoi ró-chúngú fhócas an oideachais.

Is eochair-scil í eolas ar an nGaeilge ó thaobh na féiniúlachta agus an mhórtais chine, chomh maith le bheith ina heochair scil don fhostaíocht. Is gá a chinntiú go mbíonn ardscileanna agus ardchumas Gaeilge ag céimithe le dul i mbun oibre sa bhaile agus san Eoraip, agus chuige sin is gá don Ghaeilge a bheith lárnach sa chóras ón réamhscolaíocht go dtí an tríú leibhéal.

---

[2] https://www.education.ie/ga/Tuismitheoir%C3%AD/Eolas/D%C3%ADol%C3%BAine-%C3%B3n-nGaeilge/dioluinti-o-staidear-a-dheanamh-ar-ghaeilge-treoirlinte-do-bhunscoileanna.pdf

[3] Ó Laoire, M. (2013) *Tuarascáil ar an Díolúine i leith na Gaeilge mar Ábhar Iar-bhunscoile*, Comhar na Muinteoiri Gaeilge, lch 5

**Tacaíocht ó Gael Linn**

Cuireann Gael Linn tacaíocht ar fáil do mhúineadh na Gaeilge ag gach leibhéal sa chóras oideachais.

**Deiseanna Úsáide** – cuireann Gael Linn réimse leathan deiseanna úsáide ar fáil le tacú le múineadh na Gaeilge ag gach leibhéal. Ar na deiseanna úsáide seo tá; Díospóireachtaí, Scléip (Comórtas Tallainne), Siansa (Cómórtas Ceoil), Abair (Caint Phoiblí), Tráth na gCeist agus Cúrsaí Samhraidh Gaeltachta. Is féidir a thuilleadh eolais faoi na deiseanna úsáide a chuireann Gael Linn ar fáil a fháil anseo https://www.gael-linn.ie/ga/deiseanna-usaide

Tá ***An Gréasán*** do mhúinteoirí dara leibhéal Gaeilge forbartha ag Gael Linn i gcóir le múinteoirí agus le heagraíochtaí eile. Tá ***An Gréasán*** bunaithe mar acmhainn do mhúinteoirí Gaeilge in iarbhunscoileanna. Ba léir dúinn an gá le tacaíocht. Tá aidhmeanna ***An Gréasán*** mar innéacs thíos (Inéacs 1). Faoi láthair (Samhain 2019) tá 747 múinteoirí dara leibhéal cláraithe leis ***An Gréasán*** agus tá sé aitheanta mar líonra próisféisiúnta múinteoirí (TPN).

**Gaelbhratach** - Is scéim spreagtha í Gaelbhratach a thacaíonn le scoileanna atá ag déanamh iarrachta an Ghaeilge a chur chun cinn. Tá an scéim oscailte do scoileanna de gach saghas ag leibhéal bunscoile agus iarbhunscoile. Bronntar Gaelbhratach ar scoileanna tar éis dóibh spriocanna éagsúla a bhaint amach. Baineann na spriocanna le ceol, ealaín, sport, páirt a ghlacadh in imeachtaí/ imeachtaí a eagrú agus go leor eile. Is í príomhaidhm na scéime ná cultúr de labhairt na Gaeilge neamhfhoirmiúil a chruthú agus a chothú i measc phobal na scoile agus eile. Is é Gael Linn atá i mbun reachtáil na scéime le tacaíocht ó Chonradh na Gaeilge agus Glór na nGael. Tá Gaelbhratach maoinithe ag Foras na Gaeilge. Tá tuilleadh eolais faoi Gaelbhratach ar fáil anseo https://gaelbhratach.ie

**Príomh-Mholtaí Gael Linn**

Seo na pointí ar mhaith le Gael Linn a bheith glactha san áireamh sa chomhairliúchán seo:

- Ba chóir an Ghaeilge a choinneáil mar chroí-ábhar a ndéanann gach dalta staidéar uirthi sa tsraith shinsearach
- Ba chóir aon athruithe don Ghaeilge sa tsraith shinsearach teacht mar chuid de Pholasaí don Ghaeilge sa Chóras Oideachais ón Réamhscoil go dtí an Tríú Leibhéal
- Ba chóir úsáid a bhaint as an gCreat Eorpach d'Fhoghlaim Teangacha le teagasc, measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar an nGaeilge sa tsraith shinsearach
- Na moltaí atá déanta ag COGG, Conradh na Gaeilge, Gael Linn agus a thuilleadh nach iad le socrúchán ar leith a dhéanamh don Ghaeilge mar T1 san Ardteistiméireacht a chur i bhfeidhm
- Caighdeán Gaeilge na múinteoirí a ardú trí: Cúrsaí inseirbhíse, Tréimhse sa Ghaeltacht agus Feabhas a chur ar réamhoiliúint mhúinteoirí
- A chinntiú go bhfuil go leor múinteoirí iar-bhunscoile le hardchaighdeán Gaeilge ar fáil le hábhair uile an churaclaim a mhúineadh trí Ghaeilge.
- Tacú le scoileanna ina ndéantar an teagasc trí Bhéarla úsáid na Gaeilge a fheabhsú taobh amuigh den seomra ranga
- Tacú leis an scéim Gaelbhratach le go mbeidh níos mó scoileanna in ann a bheith páirteach inti
- Is cóir níos mó scoláireachtaí Gaeltachta a chur ar fáil do dhaltaí iar-bhunscoile

**Fonótaí:**

---

[1] https://www.gaellinn.ie/uploads/documents/Tuairisc_ar_an_Ghaeilge_sa_Ch%C3%B3ras_Oideachais_i_bPnah%C3%89_Samhain_2017.pdf

[2] https://www.education.ie/ga/Tuismitheoir%C3%AD/Eolas/D%C3%ADol%C3%BAine-%C3%B3n-nGaeilge/dioluinti-o-staidear-a-dheanamh-ar-ghaeilge-treoirlinte-do-bhunscoileanna.pdf

[3] Ó Laoire, M. (2013) *Tuarascáil ar an Díolúine i leith na Gaeilge mar Ábhar Iar-bhunscoile*, Comhar na Muinteoiri Gaeilge, lch 5

**Innéacs 1** Aidhm & Cuspóirí **Gréasán do Mhúinteoirí Iarbhunscoile Gaeilge**

**Aidhm**

Gréasán a fhorbairt do mhúinteoirí iar-bhunscoile Gaeilge a thacóidh leo barr feabhais a bhaint amach sa teagasc agus san fhoghlaim.

**Cuspóirí**

- Go mbeadh an gréasán ina cheannaire agus ina spreagadh maidir le forbairt inghairme agus abhcóideacht ar son múinteoirí Gaeilge.
- Dea-chleachtas a chothú maidir le modheolaíocht agus eolas a leathadh maidir le forbairtí siollabais, measúnú agus topaicí ábhartha eile.
- Eolas a chomhroinnt faoi na forbairtí agus faoin taighde, náisiúnta agus idirnáisiúnta, is déanaí agus is fearr sa teagasc agus san fhoghlaim teanga.
- Múinteoirí a ghríosú chun líonraí logánta/réigiúnacha a chur ar bun chun tacú lena chéile.
- Cruinnithe agus deiseanna gréasánaithe (ar a n-áirítear ceardlanna, seimineáir agus comhdhálacha), suíomh gréasáin, foilseacháin agus imeachtaí eile a úsáid mar mhodhanna le taithí agus le torthaí taighde a roinnt.
- Feidhmiú mar ghlór neamhspleách ar son múinteoirí iarbhunscoile Gaeilge agus mar ghrúpa ionadaíoch a bheadh aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, CNCM srl.
- Dul i gcomhairle le heagraíochtaí leasmhara faoi ábhair chomónta, faoi chomhairliúcháin agus faoi aighneachtaí.
- Feidhmiú mar lárphointe eolais do mhúinteoirí maidir le foilseacháin, áiseanna agus imeachtaí a bheadh cabhrach dóibh féin agus dá gcuid ranganna.
- Múinteoirí a chur ar an eolas faoi na deiseanna cumarsáide atá ann dóibh féin a bheith gníomhach sa phobal teanga áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

**Tuilleadh Eolais** greasannagaeilge@gmail.com